AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2025
COM(2025) 161 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir leis an anailís costais is tairbhe ar úsáid an chuntais lárnaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014.

{SWD(2025) 79 final}

1. ROINN I – CÚLRA NA TUARASCÁLA

Eisiatar an tuarascáil seo i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 ([1]), dá ngairtear Rialachán MAR anseo feasta. Is é is príomhchuspóir don doiciméad seo anailís costais is tairbhe a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme féideartha cuntais lárnaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 9(1)(c) de Rialachán MAR. D'osclódh an Coimisiún an cuntas lárnach sin san institiúid airgeadais phoiblí is rogha leis chun acmhainní dílse a bhailiú.

Áirítear sa tuarascáil seo measúnú costais is tairbhe ar na samhlacha státchiste roghnaithe a ndearna an Coimisiún meastóireacht orthu, is iad sin:

- samhail cuntais lárnaigh arna sealbhú sa Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) i gcomhréir leis an Airteagal 9(1)(c) nua.
- Samhail Bharrfheabhsaithe Státchiste, lena mbaineann trí chuntas lárnacha coinneála airgid atá sna bainc cheannais náisiúnta a roghnaíodh, tá an rogha sin lasmuigh de raon feidhme fhorálacha nua Airteagal 9 MAR.

1.1. Ollstruchtúr státchiste an Choimisiúin Eorpaigh (CE)

Cinntear príomh-shaintréithe ollstruchtúr státchiste an Choimisiúin le forálacha Airteagal 9(1) de Rialachán MAR.

Go dtí 2022, le Rialachán MAR, bhí na Ballstáit in ann acmhainní dílse a chur do shochar do dhá chineál cuntais éagsúla a osclaíodh in ainm an Choimisiúin:

- Cineál 1: **státchistí náisiúnta**. Sa chás sin, cuireann na Ballstáit ranníocaíochtaí acmhainní dílse ar fáil don Choimisiún i dtéarmaí cuntasaíochta ar dtús agus de réir a chéile, tar éis dóibh treoracha aistrithe a fháil ón gCoimisiún, in airgead tirim.
- Cineál 2: **bainc cheannais náisiúnta.** Sa chás sin, is féidir leis na Ballstáit iomlán na ranníocaíochta a iarradh a chur ar fáil in airgead tirim.

Coinnítear na cuntais de chineál 1 agus de chineál 2 in airgeadraí náisiúnta.

Le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán MAR, tugadh isteach tríú cineál cuntais lenar féidir **cuntas lárnach** nua a úsáid chun acmhainní dílse a chur do shochar, arna oscailt ag an gCoimisiún **san institiúid airgeadais phoiblí is rogha leis**.

Sa tréimhse ó 2014 go 2022, bhí oibríochtaí státchiste CE faoi thionchar príomhúil ag dhá phríomhthoisc:

– cur chun feidhme foirmiúil Airteagal 14(1) de Rialachán MAR,

([1]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN, a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (Athmhúnlú) IO L 168, 7.6.2014, lch. 39, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022, IO L 115, lch. 51.

– cinneadh BCE a bheartas ráta úis diúltaigh a thabhairt isteach ón 11 Meitheamh 2014 ar aghaidh.

D'fhonn sócmhainní an Aontais a chosaint, rinne an Coimisiún na bearta ba ghá chun tionchar na rátaí úis diúltacha a íoslaghdú. Chuige sin, idir 2014 agus 2022, d'fhéach an Coimisiún leis na cistí a choinneáil, a mhéid ab fhéidir, laistigh de na státchistí náisiúnta agus de na bainc cheannais áit a raibh siad saor ó aon mhuirear nó ús. Ag an am céanna, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán MAR, rinneadh na cuntais íocaíochta go léir a bhí i mbainc thráchtála a athshlánú go laethúil ó na cuntais le haghaidh acmhainní dílse ar bhonn mhéid na n-íocaíochtaí a bhí le déanamh ó gach ceann acu. Coinníodh na maoláin airgid a bhí sna bainc sin ar an leibhéal íosta chun iarmhéideanna iomarcacha thar oíche a sheachaint agus, ar an gcaoi sin, tionchar na rátaí úis diúltacha a laghdú agus leanúnachas gnó na n-idirbheart íocaíochta á áirithiú ag an am céanna.

Leis na hoibríochtaí sin go léir, gineadh líon suntasach insreafaí laethúla i státchistí náisiúnta agus eis-sreafaí ó Bhallstáit eile. Thairis sin, bhí tionchar ag an easpa maolán airgid níos mó freisin ar chumas an Choimisiúin íocaíochtaí práinneacha a dhéanamh.

Dá bhrí sin, d'fhonn castacht na sreafaí airgid a laghdú agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mBallstát, mhol an Coimisiún in 2021 an fhéidearthacht a áireamh i Rialachán MAR acmhainní dílse a chur do shochar do **chuntas lárnach nua** arna oscailt chun na críche sin ag an gCoimisiún (Airteagal 9(1)(c) de Rialachán MAR).

I gcomhthreo leis an togra maidir le cuntais lárnacha, chuir an Coimisiún foráil síos chun **réamhaisnéisí a sholáthar do na Ballstáit maidir leis na riachtanais acmhainní airgid thirim** le haghaidh na **4 mhí** ina dhiaidh sin chun intuarthacht gluaiseachtaí airgid thirim a mhéadú a thuilleadh (Airteagal 9(2a) de Rialachán MAR).

I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán MAR, is ar **bhonn deonach** a bheidh rannpháirtíocht na mBallstát sa tsamhail láraithe. Thairis sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún **anailís costais is tairbhe** a dhéanamh ar úsáid an chuntais lárnaigh sula gcuirfear chun feidhme é.

2. ROINN II- ANAILÍS COSTAIS IS TAIRBHE (MEASÚNÚ COMPARÁIDEACH AR DHÁ ROGHA ÉAGSÚLA LE HAGHAIDH SAMHLACHA STÁTCHISTE)

Is é is aidhm don chleachtas sin dhá shamhail le haghaidh bhainistiú státchiste an Choimisiúin Eorpaigh a chur i gcomparáid le chéile faoi chuimsiú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 atá ann faoi láthair, agus an timpeallacht dhlíthiúil atá ann cheana á cur san áireamh.

2.1. Samhlacha státchiste nua – cásanna

Chun anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar úsáid an chuntais lárnaigh i gcomhréir le forálacha Rialachán MAR agus i gcomhréir lena bheartas riosca contrapháirtí, mheas an Coimisiún nach raibh ach **institiúidí airgeadais poiblí** ina roghanna malartacha bailí chun an cuntas sin a choinneáil.

Beartaíodh dhá chineál institiúide poiblí:

- **An Banc Ceannais Eorpach** (BCE) toisc go ngníomhaíonn sé cheana féin mar bhainisteoir airgid thirim ar acmhainní leachtachta NGEU agus go bhforghníomhaíonn sé íocaíochtaí STA leis na Ballstáit is tairbhithe.
- **Bainc Cheannais Náisiúnta** (BCNanna) toisc gur gníomhaithe ríthábhachtacha iad in ollstruchtúr státchiste agus samhail bainistíochta airgid an Choimisiúin atá ann cheana.

Bunaithe ar an toimhde sin, mhol an Coimisiún dhá rogha éagsúla maidir leis an gcuntas lárnach a bhainistiú.

Rogha 1: **Cuntas lárnach sa Bhanc Ceannais Eorpach (BCE)**

Bunaithe ar fhorálacha Airteagal 9(1)(c) de Rialachán MAR a tugadh isteach le déanaí, is éard atá sa tsamhail cuntas lárnach amháin a bhunú in BCE le haghaidh acmhainní dílse agus ioncaim eile a íoctar in EUR agus fochuntais le haghaidh acmhainní dílse i ngach airgeadra nach euro é.

Le cur chun feidhme na samhla sin, beartaítear deireadh a chur de réir a chéile leis na córais atá ann cheana ar leibhéal na mBallstát. Thabharfadh sé le tuiscint go gcuirfí an córas ina gcuirfeadh na Ballstáit rannpháirteacha uile a n-acmhainní féin ar fáil trí aistrithe bainc ar laethanta sonracha in ionad an chórais ina ndéantar acmhainní a chur ar fáil i dtéarmaí cuntasaíochta ar dtús, mar atá á dhéanamh ag na státchistí náisiúnta faoi láthair. Dhéanfaí méideanna in EUR a chomhthiomsú in aon chuntas lárnach amháin arna bhunú ag an gCoimisiún in BCE. Dhéanfaí ranníocaíochtaí airgeadraí nach euro iad a threorú ar dtús chuig na fochuntais ábhartha arna mbunú chun na críche sin le Státchiste nó le Banc Ceannais Náisiúnta. D'úsáidfí an cuntas lárnach EUR go príomha chun cuntais bhainc an Choimisiúin óna ndéanann sé a chuid íocaíochtaí in EUR a mhaoiniú go laethúil. Thairis sin, d'fhéadfaí an cuntas lárnach EUR a úsáid chun íocaíochtaí díreacha a dhéanamh leis na Ballstáit, go príomha le cuntais atá i mbainc cheannais náisiúnta.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, de bhun Airteagal 9(1) de Rialachán MAR, go gcaithfeadh an cuntas lárnach sin a bheith saor ó ús. I gcás íocaíocht dheimhneach, dhéanfaí an t-ús a dháileadh ar na Ballstáit atá rannpháirteach sa socrú sin i gcomhréir lena n-eochair bhuiséadach. Dhéanfaí cistí a chomhthiomsaítear sa chuntas a chosaint freisin ar úis dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar ghá don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann iad a chumhdach.

Bheadh tionchar ag rogha an chuntais lárnaigh den chuid is mó ar na Ballstáit a chuireann cistí ar fáil don Choimisiún i dtéarmaí cuntasaíochta ar dtús agus de réir a chéile, tar éis dóibh treoracha aistrithe a fháil ón gCoimisiún, in airgead tirim (cuntais acmhainní dílse a choinnítear i Státchistí). Sa chás sin, bheadh ar na Ballstáit cistí a aistriú láithreach seachas an t-airgead tirim a shlógadh de réir a chéile le himeacht ama. Maidir leis na Ballstáit a roghnaigh go dtí seo an cuntas acmhainní dílse a choinneáil ina mbanc ceannais náisiúnta, ní bheadh aon tionchar ag an aistriú chuig rogha BCE nó bheadh tionchar an-teoranta aige.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nár iarradh ar BCE go foirmiúil agus, dá bhrí sin, nár thug sé a thoiliú seirbhísí breise a sholáthar.

Rogha 2: Samhail bharrfheabhsaithe státchiste lena mbaineann cuntais lárnacha coinneála airgid i mBainc Cheannais Náisiúnta roghnaithe

Ní théann an tsamhail sin ar iontaoibh fhorálacha nua Airteagal 9(1)(c) de Rialachán MAR lena mbunaítear cuntas lárnach nua. Os a choinne sin, cuireann sé leis an ollstruchtúr státchiste atá ann cheana agus le sreafaí airgid atá seanbhunaithe cheana féin leis na bainc cheannais náisiúnta.

Leis an tsamhail sin, gníomhachtaítear aistrithe seachtainiúla ar laethanta ainmnithe ó chuntais acmhainní dílse chuig cuntais coinneála airgid. Ní dhéantar na sreafaí airgid ó chuntais acmhainní dílse a choinnítear i státchistí a sheoladh i gcomhréir leis an eochair buiséadach ach in aon treo amháin (ó chuntais acmhainní dílse chuig cuntais coinneála airgid). Dá bhrí sin, ba cheart go laghdódh sé go mór líon foriomlán na sreafaí airgid ar chuntais acmhainní dílse a choinnítear i státchistí. Dhéanfaí na haistrithe seachtainiúla acmhainní dílse a cheangal le réamhaisnéis fheabhsaithe níos beaichte ar na riachtanais chistiúcháin a dhéantar ar bhonn seachtainiúil.

2.2. Modheolaíocht agus critéir mheastóireachta

Agus an tábhacht a bhaineann le bainistiú éifeachtach státchiste le haghaidh bheartais an Aontais á haithint ag an gCoimisiún, d'fhorbair sé critéir cháilíochtúla chainníochtúla chun measúnú a dhéanamh ar dhá rogha státchiste lárnaigh. Leis na critéir sin, tugtar aghaidh go sonrach ar ábhair imní na mBallstát maidir le costais bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Rialachán MAR. Áirithítear leis an rogha roghnaithe go bhfanfaidh costais cothrom leis an socrú reatha nó níos ísle ná é, agus go gcuirfear sreafaí airgid níos simplí agus éifeachtúlacht oibríochtúil fheabhsaithe ar fáil ag an am céanna.

Is iad seo a leanas na critéir a roghnaíodh:

a) Tionchar airgeadais, cuimsíonn sé na comhpháirteanna seo a leanas:

- **Íocaíocht taiscí airgid thirim** (meastachán ar ús deimhneach agus/nó diúltach a ghintear)
- **Táille seirbhíse** (costas a bhaineann le cuntas/cuntais a bhunú agus speansais leanúnacha arna dtabhú ó oibríochtaí laethúla)

b) Bonneagar teicniúil

Scrúdaítear leis acmhainneacht nascachta na Roghanna roghnaithe leis an leagan amach teicniúil atá ann cheana le haghaidh Státchiste an Choimisiúin.

c) 'Oiriúnach don fheidhm' i gcomhréir le hollstruchtúr státchiste an Choimisiúin Eorpaigh

Déantar iniúchadh ann ar chomhoiriúnacht na Roghanna roghnaithe le saintréithe Státchiste an Choimisiúin (ranníocaíochtaí EUR agus ranníocaíochtaí nach ndéantar in EUR, íocaíochtaí iolracha le tairbhithe), laghdú ar an ualach riaracháin, agus sineirgí le patrúin sreafaí airgid atá ann cheana.

2.3. Measúnú ar na roghanna de réir critéir mheastóireachta

2.3.1. Tionchar airgeadais

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag an dá shamhail státchiste.

I gcás **Rogha 1,** mar thagarmharc, d'úsáid an Coimisiún na coinníollacha le haghaidh chuntais NGEU arna sealbhú le BCE chun Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

I gcás **Rogha 2**, scrúdaigh an Coimisiún na coinníollacha a bhí á dtairiscint ag rogha de chúig Bhanc Cheannais Náisiúnta (BCN) i limistéar an euro. Le Treoir 2019/671 ó BCE ([2]) cuireadh teorainn le híocaíochta na dtaiscí beartais neamhairgeadaíochta uile. In 2024, leasaíodh treoirlínte an BCE ([3]). I bhfianaise na ndálaí in 2022, dhírigh an Coimisiún a anailís ar na BCNanna de na ceithre gheilleagar is mó sa limistéar euro, is iad sin an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn. Thairis sin, i bhfianaise a ghaireachta geografaí atá fíor-riachtanach do leanúnachas gnó Státchiste an Choimisiúin, bhreithnigh an Coimisiún Banc Náisiúnta na Beilge freisin.

Ba iad seo a leanas an dá ghné anailíse a cuireadh san áireamh:

- Íocaíocht taiscí airgid thirim:

  Léiríodh san anailís go raibh rátaí na BCNanna go léir ailínithe le coinníollacha BCE. Mar thoradh air sin, bhí na coinníollacha íocaíochta a cuireadh ar fáil sa dá rogha chomh cosúil sin lena chéile nach mbeadh tionchar ag an toisc sin ar an gcinneadh.

- Táille seirbhíse:

  Ós rud é go bhfuil cuntais ag an gCoimisiún Eorpach le BCNanna cheana féin, ní ghearrfaidís táillí breise as an gcuntas a chothabháil. Ina theannta sin, d'aistreodh roinnt BCNanna cistí saor in aisce, agus ghearrfadh roinnt eile táille idirbhirt laghdaithe nó ghearrfadh siad méid socraithe le haghaidh idirbhearta neamhtheoranta. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh táille bhunaithe tosaigh, agus táillí athfhillteacha maidir le bainistíocht cuntas agus seirbhísí a bhaineann le híocaíochtaí a bheith i gceist le cur chuige BCE.

Mar chonclúid:

- Léiríodh sa dá rogha coinníollacha comhchosúla maidir le híocaíocht taiscí airgid thirim. Mar sin féin, d'fhéadfadh costais níos airde maidir le leagan

([2]) Treoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 2019 maidir le hoibríochtaí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas intíre ag na bainc cheannais náisiúnta (athmhúnlú), IO L 113/11, 29.4.2019.

([3]) Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2024 maidir luach saothair taiscí beartais neamhairgeadaíochta atá i seilbh banc ceannais náisiúnta agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE/2024/11) IO L 2024/1209, 3.5.2024.

amach tosaigh agus costais oibriúcháin níos airde a bheith i gceist le Rogha 1 mar gheall ar shamhail cuntais nua a chruthú in BCE.

- Bhí Rogha 2 níos costéifeachtaí, ós rud é nach raibh aon táillí cothabhála cuntas breise ná costais oibriúcháin shuntasacha i gceist leis na caidrimh atá ann cheana le BCNanna.

2.3.2. Bonneagar teicniúil

Rogha 1 1 Tá bonneagar teicniúil ardfheidhmíochta agus speisialaithe tógtha ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) atá curtha in oiriúint do chreat airgeadaíochta agus do thimpeallacht rialála an limistéir euro. Tá an dearadh sin ag teacht go dlúth le beartais shonracha airgeadaíochta, córais airgeadais, agus reachtanna dlíthiúla a Bhallstát, ag brath ar uirlisí amhail córas íocaíochta TARGET2 chun idirbhearta trasteorann euro ar mhórscála idir comhaltaí den Chóras Eorpach Banc Ceannais a chumasú agus chun idirbhearta margaidh mórdhíola le hinstitiúidí móra airgeadais a éascú. Is é príomhfhócas an ollstruchtúir sin an chobhsaíocht airgeadais a choinneáil ar bun agus tacú le tarchur éifeachtach bheartas airgeadaíochta an limistéir euro. Níl bonneagar BCE ceaptha chun íocaíochtaí airgid thirim ilairgeadra aonair de chuid gníomhaithe margaidh nó institiúidí amhail an Coimisiún Eorpach a láimhseáil go díreach. Na sraitheanna feidhmiúlachta is gá chun seirbhísí íocaíochta den sórt sin a sholáthar go díreach — amhail idir-inoibritheacht ilairgeadra dhinimiciúil agus comhtháthú le hardáin tráchtála sheachtracha — níl siad i bhfeidhm agus ba ghá anailís bhreise a dhéanamh orthu agus iad a thógáil lena mbainfeadh costais, ag thabhairt dá haire nár cuireadh aon iarraidh den sórt sin chuig BCE roimh ré.([4])

Ní raibh aon drochthionchar teicniúil ag **Rogha 2** ar chóras cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá an réiteach teicniúil atá ann cheana seanbhunaithe agus éifeachtach, agus freastalaíonn sé gan uaim ar shamhail an Chuntais Lárnaigh a áireamh gan aon mhodhnú. Coinníonn na bainc cheannais náisiúnta roghnaithe sraith tráchtála lena gcumasaítear cumarsáid uathoibrithe le Státchiste an Choimisiúin trí sheirbhísí Swift. Dá bhrí sin, ní bheadh gá le forbairt bhreise ón gCoimisiún mar gheall ar an rogha sin.

Mar chonclúid:

- Bhí dúshláin theicniúla roimh Rogha 1 toisc nach bhfuil bonneagar BCE ceaptha chun íocaíochtaí ilairgeadra aonair in airgead tirim de chuid gníomhaithe margaidh nó institiúidí amhail an Coimisiún Eorpach a láimhseáil go díreach.

- Ní raibh cur isteach teicniúil i gceist le Rogha 2, toisc go n-úsáideann BCNanna córais dea-chomhtháite atá ailínithe le bonneagar an Choimisiúin atá ann faoi láthair.

([4]) Leis an ról ríthábhachtach atá ag BCE ó bhí 2020 ann mar ghníomhaire fioscach agus íocaíochta le haghaidh chlár an Aontais maidir le eisiúint agus bainistiú fiachais, cuirtear le bonneagar agus acmhainneachtaí BCE i gcur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta.

2.3.3. ‘Oiriúnach don fheidhm’ i gcomhréir le hollstruchtúr státchiste an Choimisiúin Eorpaigh

Maidir le **Rogha 1**, léiríodh san anailís go mbeadh sé dúshlánach fochuntais nach fochuntais euro atá iontu a bhunú laistigh den BCE. Chun aghaidh a thabhairt ar an ngné a bhaineann le cuntais nach cuntais euro iad, mhol BCE cur chuige idirdhealaithe ag brath ar chineál na gcuntas. Déantar foráil sa chás sin maidir le cuntas EUR amháin le haghaidh na ranníocaíochtaí EUR uile agus cuntas amháin le haghaidh gach airgeadra nach airgeadra euro iad a úsáidtear (7 gcuntas). Mar sin féin, leis an gcur chuige sin, ní chuirfí ach simpliú teoranta ar shreafaí airgid ar fáil, go háirithe mar gheall ar chineál deonach rannpháirtíocht na mBallstát.

Le **Rogha 2**, ina bhfuil cuntais lárnacha coinneála airgid sna bainc cheannais náisiúnta roghnaithe, cuirtear le ollstruchtúr státchiste an Choimisiúin atá ann cheana. Caomhnaítear leis samhail sheanbhunaithe de shreafaí airgid agus comhshó nach ndéantar in euro d’acmhainní dílse agus cruthaítear sineirgí le haghaidh acmhainní eile in euro ag an am céanna. Dá bhrí sin, níl aon drochthionchar aige ar Státchiste an Choimisiúin ná ar na Ballstáit ó thaobh ualach breise riaracháin nó oibríochtúil de.

Dá ndéanfaí sreafaí a lárú i gcúpla cuntas coinneála airgid, laghdófaí aistrithe ó bhanc go banc idir cuntais acmhainní dílse i státchistí agus cuntais na mbanc ceannais.

Mar chonclúid:

- Bhí teorainneacha ag Rogha 1 mar gheall ar an gceanglas cuntais ar leithligh a bheith ann chun freastal go héifeachtúil ar idirbhearta nach ndéantar in euro iad.
- Bhí rogha 2 níos comhleanúnaí le próisis sheanbhunaithe, agus sineirgí á gcur ar fáil gan ualaí riaracháin a chur ar Státchiste an Choimisiúin ná ar na Ballstáit.

2.4. Conclúidí: Rogha na samhla státchiste

Leis an dá rogha, is féidir gnóthachain éifeachtúlachta agus feabhsuithe oibríochtúla a bhaint amach le haghaidh na bpróiseas inmheánach a bhaineann leis na sreafaí airgid agus leis an mbainistíocht cuntas.

Mar sin féin, is í Rogha 2 an rogha is fearr toisc go gcuireann sí leis an gcreat státchiste seanbhunaithe, rud a íoslaghdaíonn costais aistrithe agus suaitheadh oibríochtúil. Tá an barrfheabhsú sin ag teacht le bainistíocht fhónta airgeadais, lena n-áirithítear bainistíocht éifeachtach sócmhainní atá ailínithe le cuspóirí beartais an Aontais.

Thairis sin, le Rogha 2, comhlíontar ionchais na mBallstát trí intuarthacht agus trédhearcacht gluaiseachtaí airgid i státchistí náisiúnta a fheabhsú. Le 2 bhliain anuas, tá Rogha 2 curtha chun feidhme ag an gCoimisiún mar fheabhsú straitéiseach ar bhainistiú státchiste an Choimisiúin, lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní na mBallstát agus lena neartaítear bonneagar airgeadais an Aontais ag an am céanna.

Molann an Coimisiún Rogha 2 a choinneáil mar réiteach costéifeachtach ar chóras bainistíochta airgid thirim. I bhfianaise struchtúr bhuiséad agus chreat oibríochtúil an

Aontais atá ann faoi láthair, is é sin an cur chuige is oiriúnaí i gcónaí. Ag brath ar fhorbairtí buiséadacha agus eacnamaíocha amach anseo, féadfar tuilleadh mionchoigeartuithe agus measúnuithe a dhéanamh más gá, mar shampla i gcomhthéacs an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile.